

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

1. Is cuid den Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí an Coimisiún é an Páipéar Comhairliúcháin seo.¹ Pléann sé an bhfuil gá le hathchóiriú a dhéanamh ar chomhlachtaí breithiúnacha neamh-chúirte in Éirinn. Feidhmíonn an-chuid de na comhlachtaí breithiúnacha sin faoi nósanna imeachta agus meicníochtaí achomharc éagsúla, agus mar thoradh ar seo, tá neamh-chomhsheasmhacht maidir le nósanna imeachta agus cleachtais chinnteoireachta agus cuireann sé seo le héiginnteacht dlíthiúil.
2. Sa Pháipéar seo, scrúdaíonn an Coimisiún an fhéidearthacht próisis chinnteoireachta comhlachtaí breithiúnacha neamh-chúirte a chaighdeánú, a shimpliú agus a shoiléiriú. Tá sé seo beartaithe feabhas a chur ar cháilíocht na cinnteoireachta agus cumas a chur ar chinnteoirí cinntí níos struchtúrtha agus níos réasúnaithe a dhéanamh. I dtuairim an Choimisiúin, is féidir le tionscadal athchóirithe atá saincheaptha i gceart freagairt don leas poiblí i gcóras ceartais riaracháin atá níos inrochtana, níos trédhearcaí agus níos cuntasáí.
3. Sa Pháipéar Comhairliúcháin seo, meastar gurb é atá i gceist le coincheap an bhreithnithe ná cur i bhfeidhm an dlí ar fhíricí mar a fhaightear iad tar éis machnamh a dhéanamh ar fhianaise, d'fhonn díospóidí dlí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a réiteach.
4. Sa Pháipéar Comhairliúcháin seo, áirítear le comhlacht breithneoireach comhlachtaí riaracháin ach ní áirítear leis ach na comhlachtaí a fheidhmíonn feidhm bhreithiúnach. Is éard is comhlacht breithneoireach neamh-chúirte ann ná “comhlacht, neamhspleách ar an Rialtas nó ar aon eintiteas eile ach nach cúirt ag an am céanna, a ghlacann cinntí a théann i bhfeidhm ar chearta aonánacha, de réir treoirlínte sách beacht (agus de ghnáth dlíthiúil) agus trí nós imeachta rialta agus sách foirmiúil a leanúint”. Feidhmíonn go leor comhlachtaí feidhmeanna breithneoireachta atá coimhdeach lena bpríomhchúraimí reachtúla. Is feidhmeanna breithneoireachta iad seo, áfach, agus déantar iad a láimhseáil mar sin. Déanann an Páipéar seo idirdhealú idir breithniú agus cineálacha eile cinnteoireachta riaracháin.
5. Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar chinnteoireacht sa chéad chéim agus an ceart a dhéanamh níos inrochtana don phobal, cuireann sé deis ar fáil freisin chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht agus ar chastacht na bpróiseas achomhairc atá ann cheana féin agus na dúshláin a bhaineann leo. Dá bhrí sin, breithníonn an Coimisiún athchóirithe féideartha ar an maoirseacht bhreithiúnach ar chinntí a dhéanann comhlachtaí breithiúnacha, trí achomhairc

¹ An Cuigiú Clár um Athchóiriú an Dlí (LRC 120-2019).

agus athbhreithniú breithiúnach, agus é mar aidhm córas athbhreithnithe achomhairc níos comhsheasmhaí agus níos comhtháite a chruthú.

6. Mar sin féin, tá an Coimisiún ar an eolas go gcaithfear cothromaíocht chúramach a bhaint amach, toisc go minic go bhfreastalaíonn difríochtaí ar fheidhm bheacht. Níor cheart go gcaillfí an saineolas a d'fhorbair comhlachtaí speisialaithe a chomhlíonann feidhmeanna spriocdhírthe mar thoradh ar chaighdeánú.
7. Ar deireadh, ní bhreithnítear comhlachtaí rialála sa tionscadal seo mar go bhfuil moltaí suntasacha déanta ag an gCoimisiún cheana féin maidir le comhlachtaí rialála ina *Thuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha*.
8. **Caibidil 1 Aithint na Fadhbanna** sainmhínítear 'comhlacht breithiúnach neamh-chúirte' chun críocha an Pháipéir Chomhairliúcháin seo agus tugann sé forbhreathnú ar an gcóras riaracháin in Éirinn. Cuireann sé an Páipéar seo i gcomhthéacs bunreachtúil i ndiaidh chinneadh na Cúirte Uachtaraí i gcás *Zalewski*.
9. **Caibidil 2 Comhlachtaí agus Feidhmeanna Breithiúnacha** pléitear an bhreithniú mar choincheap. Déantar idirdhealú idir breithniú *inter partes* agus breithniú ar shaincheisteanna a eascraíonn idir daoine aonair agus an stát agus scrúdaítear na feidhmeanna breithiúnacha éagsúla a fheidhmíonn comhlachtaí in Éirinn. Pléann sé freisin creat an dlí riaracháin mar a leag *Zalewski* amach agus cinntí roimhe seo, lena n-áirítear na hidirdhealuithe idir gníomhú go cothrom, gníomhú go breithiúnach agus ceartas a riaradh.
10. **Caibidil 3 Freagairt don Fhadhb** leagtar amach roinnt roghanna athchóirithe féideartha. Áirítear leo seo binsí ar leithligh a aontú i struchtúr sár-bhinse; reacht creatlaí a achtú chun sraith chaighdeánach cumhachtaí agus nósanna imeachta a sholáthar do chomhlachtaí breithiúnacha neamh-chúirte; agus comhlacht reachtúil nua a chruthú, amhail comhairle cheartais riaracháin, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar. Mar sin féin, ní liosta uileghabhálach réitigh é seo, agus ní gá go mbeadh na réitigh seo eisiach dá chéile. Fáiltíonn an Coimisiún roimh thuairimí ar roghanna malartacha atá beartaithe.
11. **Caibidil 4 Riachtanais Nós Imeachta** pléitear na nósanna imeachta a úsáideann comhlachtaí breithiúnacha neamh-chúirte agus molann sé gur féidir le nósanna imeachta a bheith níos foirmiúla nó níos lú foirmiúla ag brath ar chineál an chinnidh atá á ghlacadh, cineál na leasanna aonair atá i gceist agus breithnithe comhthéacsúla eile. Molann an Chaibidil go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir na nósanna imeachta réasúnta neamhfhoirmiúla a bhaineann le breithneoirí a bhfuil orthu gníomhú go cothrom agus na nósanna imeachta níos foirmiúla a theastaíonn agus ceartas á riaradh. Scrúdaíonn sé an fhéidearthacht go gcumhdófaí príomhdhualgais nós imeachta i reacht creatlaí, leagann sé amach na bundhualgais nós imeachta ba chóir a bheith i bhfeidhm ar gach comhlacht agus

breithníonn sé an ról maoirseachta a d'fhéadfadh comhairle cheartais riaracháin a imirt i ndáil le nósanna imeachta.

12. **Caibidil 5 Cumhachtaí na gComhlachtaí Breithiúnacha** sainaithnítear na cumhachtaí a theastaíonn ó chomhlachtaí breithiúnacha chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach agus pléitear an fhéidearthacht na cumhachtaí seo a áireamh laistigh de reacht creatlaí. Cé go mbreithníonn comhlachtaí breithiúnacha réimse leathan saincheisteanna, feidhmíonn siad go léir feidhm chomhchosúil, eadhon, breithníonn siad saincheisteanna agus teastaíonn réimse cumhachtaí uathu chun tacú le feidhmiú na feidhme seo. Áirítear ar na cumhachtaí atá á mbreithniú an chumhacht chun rialacha nós imeachta a dhéanamh; cumhachtaí bainistíochta cásanna; an chumhacht chun éisteachtaí a reáchtáil; an chumhacht chun ceisteanna dlí a tharchur; an chumhacht chun teoracha a thabhairt; agus an chumhacht chun imeachtaí agus éisteachtaí a bhainistiú. Comhlánaíonn na cumhachtaí seo na nósanna imeachta a mholtar i gCaibidil 4.
13. **Caibidil 6 Comhdhéanamh na gComhlachtaí Breithiúnacha** pléitear na ceanglais inniúlachta agus neamhspleáchais i suíomh breithiúnach agus breithníonn sé na buntáistí féideartha a bhaineann le grúpáil agus seirbhísí comhroinnte. Pléann sé impleachtaí na gceanglas seo i suíomh breithiúnach. Pléann an Chaibidil an bhféadfadh reacht creatlaí nó comhairle cheartais riaracháin cabhrú le comhsheasmhacht a bhaint amach ar chúrsaí amhail comhdhéanamh, neamhspleáchas agus inniúlacht.
14. **Caibidil 7 Maoirseacht Bhreithiúnach** pléitear an tsamhail reatha maoirseachta breithiúnaí ar chomhlachtaí breithiúnacha i gcomhthéacs achomharc agus athbhreithniú breithiúnach. Pléann sé saincheisteanna coitianta a thagann chun cinn sna cineálacha éagsúla maoirseachta, cá bhféadfadh siad forluí agus éagsúlacht a bheith iontu, an réimse leigheasanna atá ar fáil chomh maith lena n-oiriúnacht, agus na deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras reatha maoirseachta breithiúnaí. Tá an mhaoirseacht seo ann sa bhreis ar mheicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc inmheánacha. Scrúdaíonn an dara cuid den Chaibidil seo castacht an chórais reatha agus iarmhairtí praiticiúla na castachta sin do pháirtithe, do chomhlachtaí breithiúnacha, agus do na cúirteanna. Measann an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach cur chuige níos sruthlínithe, níos soiléire agus níos comhtháite a fhorbairt maidir le maoirseacht bhreithiúnach ar chomhlachtaí breithiúnacha agus athbhreithniú ar chinntí breithiúnacha. Molann an Chaibidil roghanna éagsúla chun gnéithe den mhaoirseacht bhreithiúnach ar chinntí breithiúnacha a fheabhsú agus a chaighdeánú.
15. Tabhair faoi deara, le do thoil, go léirítear roinnt moltaí mar thograí dearfacha ón gCoimisiún sa phlé sa Pháipéar seo. Ní chuireann sin as an áireamh an fhéidearthacht go n-imeoidh an Coimisiún ó na moltaí nó na tograí sin i dtuarascáil ina dhiaidh sin ar an ábhar seo.